Limerick CITY & COUNTY COUNCIL

# Scéim Dreasachta Rátaí Áitreabh Gnó Folamh 2026

**Treoracha agus Critéir**

Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Scéim Dreasachta Rátaí Áitreabh Gnó Folamh chun cabhrú le bailte agus le sráidbhailte a athbheochan agus chun tacú le cruthú fostaíochta ag gnóthais inmharthana. Ceaptar an deontas chun athlonnú áitreabh miondíola/trádála folamh a dhreasú agus a spreagadh chun dul i ngleic le folúntais sa phríomhcheantar miondíola i Lár Chathair Luimnigh agus i roinnt bailte contae.

Laistigh de Lár Chathair Luimnigh, cuirfear an scéim phíolótach seo ar fáil do ghnóthais nua a chomhlíonann na critéir incháilitheachta. Beidh ar iarratasóirí cáilitheacha siopa nua a oscailt ar na sráideanna ainmnithe seo a leanas i lár na cathrach: Sráid Eibhlín, Sráid na Danmhairge, Sráid an Chrúisigh, Sráid Liam, Sráid Thomáis, Sráid Chaitríona, Sráid Chaitríona Bheag, Bogha an Bhoscaigh, Sráid Shisil, Sráid an Róistigh, Sráid Uí Chonaill, Sráid Phádraig, Rae Bedford, Sráid an tSáirséalaigh, Sráid Anraí, Sráid na Sionainne nó Sráid San Nioclás.

Ina theannta sin, cuirfear an scéim ar fáil do ghnóthais incháilithe atá á n-oscailt i lár bhailte laistigh de gach ceann den trí Cheantar Bardasach seo a leanas:

1. Áth Dara-Ráth Caola
2. An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg
3. An Caisleán Nua

Beidh na bailte incháilithe ina mbailte Leibhéal 2, Leibhéal 3 mar a leagtar amach i bPlean Forbartha Luimnigh agus beidh na ceantair incháilithe laistigh de na bailte seo ina limistéar atá marcáilte mar “lár an bhaile” sna léarscáileanna criosaithe don bhaile.

Stádas na n-áitribh chun cáiliú don scéim

- Chun cáiliú don scéim ní mór don áitreabh a bheith folamh ar feadh tréimhse **<u>6 mhí</u>** ar a laghad ón lá a gcuirtear an fhoirm iarratais faoi bhráid Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Ní cháileoidh gnóthais atá ag athlonnú go háitribh den mhéid chéanna laistigh de na ceantair incháilithe le haghaidh cúiteamh deontais faoin scéim, ach, breithneofar gnóthais a bhfuil an dara siopa á oscailt acu. Ní bheidh díláithriú gnóthais ó áitreabh amháin go háitreabh eile agus/nó ón áitreabh céanna mar thoradh ar an scéim. Mar sin féin, má tá gnóthas nó úsáid mhiondíola bheartaithe in ann a léiriú go leordhóthanach go bhfuil gá le háitreabh níos mó lena mbainfidh tionchar eacnamaíoch dearfach, déanfar cuimsiú togra dá leithéid a bhreithniú faoi théarmaí na scéime.
- Ní mór go mbeidh na gnóthais nua lonnaithe laistigh de na limistéir ainmnithe.

Ina theannta sin, cuirfear líon agus gaireacht na n-ionad díolacháin/na seirbhísí comhchosúla atá ag feidhmiú cheana féin sa cheantar san áireamh agus an cúnamh deontais á bhreithniú:

**<u>Oibreofar an scéim ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026</u>**

Bíonn na réamhriachtanais seo a leanas infheidhme maidir leis na háitreabh ábhartha:

- Níl aon imeachtaí forghníomhaithe fós le réiteach nó aon airgead dlite don Chomhairle faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 nó faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990.
- Níl aon rátaí trádála atá gan íoc nó reatha ná aon táillí údaráis áitiúil eile dlite ar an áitreabh ábhartha.
- Níl aon rátaí tráchtála atá gan íoc ná reatha, ná aon táillí údaráis áitiúil eile dlite ag an iarratasóir (nó ag duine/eintiteas gaolmhar)

**<u>Áirítear na nithe seo a leanas ar na coinníollacha don mhéid thuas</u>**

Tá an úsáid bheartaithe i gcomhréir leis an gcead pleanála atá ann cheana i leith an áitribh.

Beidh gnóthais de na cineálacha seo a leanas eisiata ón scéim:

- ionaid mearbhia/beir leat
- stuara siamsaíochta/geallghlacadóirí/siopaí geallghlacadóra
- siopaí lascaine/siopaí catalóige
- clubanna do chomhaltaí príobháideacha

- siopaí fóin póca/siopaí idirlín
- siopaí siabhráin/siopaí galtoitín
- iasachtóirí airgid (seachas institiúidí airgeadais aitheanta)
- siopaí aosacha/siopaí tatúnna
- stiúideonna donnú
- stáisiúin bhreosla/siopaí stáisiún peitril
- siopaí in ionaid siopadóireachta faoi dhíon
- tob-shiopaí
- ollmhargaí (os cionn 300 méadar cearnach)

Ní liosta **uileghabhálach** é seo agus forchoimeádann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh aici féin an ceart aon iarratas a dhiúltú nó a dheonú.

Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athbhreithniú ar gach iarratas ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcumas gnóthais atá ann cheana a dhíláithriú agus déanfaidh sí cinneadh ar incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa scéim dá réir.

Beidh gach iarratas faoi réir athbhreithnithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus beidh aon dámhachtain nó a mhalairt faoi rogha na Comhairle.

**Iarratasóirí Cáilitheacha**

Bíonn na riachtanais seo a leanas infheidhme maidir le gach iarratasóir:

- Ní mór gurb é an t-iarratasóir úinéir nó léasaí an áitribh ábhartha.
- Ní mór go gcláróidh an t-iarratasóir le haghaidh íocaíochtaí Dochair Dhíreacha maidir le rátaí trádála agus aon táillí eile atá dlite don Chomhairle.
- Ní mór comhaontú léasa a bheith in éineacht leis an iarratas (más infheidhme) NÓ cóip den iontráil ar Chlárlann na Talún ar a dtaispeántar sonraí úinéireachta.
- Mura bhfanfar cothrom le dáta le haon táillí, lena n-áirítear aon táillí atá gan íoc ar an áitreabh agus/nó ar an iarratasóir, cuirfear deireadh láithreach leis an Scéim agus bainfear tacaíochtaí.
- Ní mór don iarratasóir an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le haon athruithe ar na húsáidí nó na riachtanais, a chuirtear in iúl thuas don iarratasóir, lena n-athraítear an t-iarratas bunaidh go hábhartha.

- Ní mór go mbeidh an sonrasc/na sonraisc maidir le rátaí trádála idir €1 agus €30,000 ar an iomlán i 2026.

**Critéir na Scéime**

Scéim Dhreasaithe 4 Bliana – Ní mór go n-íocann an t-áitritheoir iomlán na rátaí gach bliain. Nuair atá na rátaí glanta go hiomlán, is féidir tairbhe a bhaint as an deontas.

- **Deontas 100% de luach na rátaí trádála, faoi réir uasmhéid de €12,000 i mBliain 1.**
- **Deontas 75% de luach na rátaí trádála, faoi réir uasmhéid de €9,000 i mBliain 2.**
- **Deontas 50% de luach na rátaí trádála, faoi réir uasmhéid de €6,000 i mBliain 3.**
- **Deontas 25% de luach na rátaí trádála, faoi réir uasmhéid de €3,000 i mBliain 4.**

Ní mór go ndéanfar an t-aonad a rátáil.

Caithfidh an gnóthas a bheith i mbun gnó chun tairbhe a bhaint as an deontas.

Ní bheidh aon tionchar ar iarratasóirí a mbaineann tairbhe as an scéim seo ag deireadh nó leasú na scéime seo.

**Scéim Bheartaithe Nua.**

| | Rátaí incháilithe | Deontas ar fáil | Uasmhéid Dámhachtana an Deontais |
|---|---|---|---|
| **Deireadh Bhliain 1** | **Suas le €12,000** | **100%** | **€12,000** |
| **Deireadh Bhliain 2** | **Suas le €12,000** | **75%** | **€9,000** |
| **Deireadh Bhliain 3** | **Suas le €12,000** | **50%** | **€6,000** |
| **Deireadh Bhliain 4** | **Suas le €12,000** | **25%** | **€3,000** |

**Bíonn fáil ar an deontas nuair is ann d'fhianaise maidir le bliain iomlán rátaí iníoctha chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus deimhniú maidir le hImréiteach Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.**